

**Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta
Tuarascáil na Stiúrthóirí agus
na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
Uimhir Chláraithe 414351**

**84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4**

**Duignan Carthy O'Neill Teoranta
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe**

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Réamhrá ón gCathaoirleach

Ba é W. T. Cosgrave, Uachtarán na Comhairle Feidhmiúcháin, a chuir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) ar bun sa bhliain 1928. Corpraíodh an Coimisiún mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta an 24 Eanáir 2006. Ó bhunú an Choimisiúin, tá sé mar phríomhchúram air foinsí príomha – idir chinn atá faoi úinéireacht phoiblí agus chinn atá faoi úinéireacht phríobháideach – a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn ar son stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Sna pleananna forbartha straitéisí uaidh roimhe seo, tá sé dearbhaithe ag an gCoimisiún arís eile go bhféachann sé le comhairle a chur ar an Rialtas chun bonn eolais a chur faoin mbeartas a bhaineann le cúram a thabhairt d'ábhair foinse príomha atá riachtanach do scéal na hÉireann a thuiscint agus do stair na tíre a scríobh. Ina Plean Forbartha Straitéisí don tréimhse 2018-2022, arna ghlacadh ag comhaltaí CLÉ i Meitheamh 2018, rinne an Coimisiún a thiomantas don fhís seo a athdhearbhú.

Le linn 2018 i dteannta le príomhfhoinsí a fhoilsiú agus a chur chun cinn, rinne CLÉ ceiliúradh ar gharsprioc shuntasach i dtaca leis an nóchadú bliain ó bunaíodh é ar an 10 Deireadh Fómhair 1928. Rinneadh an comóradh seo a cheiliúradh le seimineár a tionóladh ar an 17 Deireadh Fómhair - an dáta i 1928 nuair a fógraíodh comhaltas an Choimisiúin nua i nDáil Éireann - inar sheol an Ceann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl, an Plean Forbartha Straitéisí nua 2018-2022 go foirmiúil.

I bhforbairtí eile, leanadh leis an tionscadal comhair tábhachtach le Cartlann Náisiúnta na hÉireann go dtí mí na Bealtaine 2018 nuair a chríochnaigh coimeádaithe CNÉ a measúnú ar na hábhair a sábháladh tar éis scríosadh Oifig Taifead Poiblí na hÉireann (OTPÉ) i 1922. Cuirfear an obair spreagúil seo chun cinn - ar obair í atá mar chuid de chlár eagrán chuimhneacháin CLÉ - sa bhliain atá amach romhainn i ndara céim ina liostálfar i gcartlann na hábhair a sábháladh agus déanfaidh CLÉ an liosta a tháinig dá bharr a fhoilsiú. B'fhéidir gurb é an nóiméad is spreagúla do stair na hÉireann nuair a chuirfear lámhscríbhinní caomhnaithe ar fáil le staidéar a dhéanamh orthu.

I bhforbairt nach mbaineann leis an méid thuas, fógraíodh CLÉ mar chomhpháirtí sa tionscadal Beyond 2022 atá bunaithe ag Coláiste na Tríonóide i mí Feabhra 2018. Athchruthaíonn an tionscadal cartlann dhigiteach de chóipeanna den oiread agus is féidir de na hábhair lámhscríbhinní atá ar fáil a bhí i seilbh OTPÉ sular scríosadh é i 1922. D'fhoilsigh CLÉ cuid de na foinsí meánaoiseacha seo agus roinnt níos déanaí tríd na blianta, bunaithe ar chóipeanna lámhscríbhinní a fuarthas i gcartlanna eile. Tá na heagrán fhoilsithe seo curtha ar fáil anois (i bhformáid leictreonach) don tionscadal Beyond 2022 lena gcur san áireamh sa stór atógtha go digiteach.

Thar ceann chomhaltaí uile an Choimisiúin, ba mhaith liom ár gcomhbhrón a chur in iúl dá theaghlach, ar bhás an Dr. Brian Trainor, iar-Chathaoirleach ar an gCoimisiún (1976-1977 agus 1987-1998). Fuair an Dr. Trainor bás ar an 22 Lúnasa 2018. Mar iar-stiúrthóir ar Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann agus ar Ulster Historical Foundation bhí dlúthbhaint aige le réimsí na staire agus na gcartlann ar fud oileán na hÉireann. Mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún, rinne Brian maoirseacht ar fhoilsiú ceithre eagrán de *Analecta Hibernica*, áit a raibh sé ina eagarthóir, agus ar sheacht n-eagrán déag agus leaganacha athchlóite d'ábhair bhunfhoinsí, lena n-áirítear an chéad cheann de chlár shraith ardeaspag Ard Mhacha (do Milo Sweteman) agus an chéad aschur ó Women's History Project (*The Drennan-McTier Letters*, 1776-1819). Le linn do Brian a bheith ina chathaoirleach tugadh ar láimh an fhreagracht as tionscnamh an-rathúil CLÉ maidir le taifid ghnó do Chartlann Náisiúnta na hÉireann nuabhunaithe. Bhí an-dúil go deo ag Brian i gcartlanna agus i dtaifid a chur ar fáil agus d'oibrigh sé go dícheallach chun na críche sin.

I mí Eanáir 2018, chun sainchúram CLÉ a chomhlíonadh maidir le faisnéis faoi ábhair bhunfhoinsí a chur chun cinn, cuireadh ar fáil na meiteashonraí ó eagrán léannta 2015 de chomhfhreagras James Ussher, arna chur in eagar ag an Dr. Elizabethanne Boran, do thionscadal gréasáin *Early Modern Letters Online* (EMLO) atá bunaithe in Oxford, faoi stiúir ag an Ollamh Howard Hotson. Is áis aimsithe chomhcheangailte agus comhéadan eagarthóireachta é EMLO le haghaidh tuairiscí bunúsacha ar nua-chomhfhreagras luath, rud a chuireann ar chumas scoláirí bunábhair an líonra intleachtúil ar a dtugtar Republic of Letters a chuardach. Comhthéacs oiriúnach go cuí chun comhfhreagras fairsing Ussher a iniúchadh!

Trí rannpháirtíocht an Choimisiúin in Oíche an Chultúir ó 2008 i leith, cuireadh deis ar fáil do chomhaltaí CLÉ chun bualadh le baill an phobail agus chun an méid a dhéanann CLÉ agus an méid a chuireann sé leis an saol cultúrtha in Éirinn a mhíniú. Tugadh an deis do chuirteoirí ar 45 Cearnóg Merion, Dé hAoine 21

Meán Fómhair 2018, féachaint ar thaispeántas foilseachán, agus dul i gcomhairle le comhaltaí CLÉ agus le comhaltaí oinigh, lena n-áirítear Maire Mac Conghail, Ciara Breathnach, Nicola Morris, Dáibhí Ó Cróinín, Thomas O'Connor, Marian Lyons, Louis Cullen, Elva Johnston agus mé féin, daoine a bhí i láthair ar feadh na hoíche chun ceisteanna a fhreagairt faoi eagrán CLÉ de bhunfhoinisí agus chun comhairle a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de chaomhnú agus coinneáil taifead. Thug an tOllamh O'Connor siamsaíocht do chuairteoirí le cur i láthair léirithe faoi CLÉ agus faoin raon foinsí a foilsíodh le linn a staire fada agus thug sé léargas freisin maidir le cuid de na tionscadail spreagúla a bhfuil CLÉ páirteach iontu faoi láthair.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Réamhrá ón gCathaoirleach (ar lean.)

Cé go bhfuil sonraí faoi na trí sheoladh a rinne CLÉ in 2018 san áireamh in áit eile sa tuarascáil seo, ba mhaith liom mo bhuíochas faoi leith a chur in iúl dóibh siúd a raibh baint acu leis an gcéad seoladh thar lear d'fhoilseachán CLÉ - is é sin Imleabhar XXIII, Cuid 1 den tsraith Calendar of Papal Letters atá ar siúl le fada. Agus é eagraithe go sciliúil agus go tuisceanach ag an Moinsíneoir Charles Burns, Eagarthóir Ginearálta na sraithe, i gcomhar le hAmbasadóir na hÉireann chuig an Suí Naofa, a Shoilse, Derek Hannon, bhí an-rath ag baint leis an ócáid a bhí á óstáil ag an Ambasadóir féin ag a áit chónaithe phríobháideach i lár na Róimhe.

Leantar le hionadaíocht CLÉ ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (ACÉ — www.iar.ie), ar seirbhís ar líne í atá ar fáil saor in aisce agus lena gcumasaítear cartlanna ar fud na hÉireann a dtuairiscí bailiúcháin atá i gcomhréir leis an ISAD(G) a uaslódáil ar thairseach gréasáin. Is féidir le húsáideoirí thairseach ACÉ bailiúcháin chartlainne Éireannacha a chuardach ar fud cuid mhór de thaisclanna éagsúla - rud atá cosúil leis an tseirbhís A2A sa Ríocht Aontaithe. Leantar le fás an tionchair ACÉ trína sheirbhís gréasáin, ach freisin trína phacáistí acmhainní oideachais (Dualgas reatha mhná na hÉireann agus Gealltanas orainn féin agus ar ár ndaoine) atá bunaithe go heisiach ar ábhair atá ar fáil ó na bailiúcháin atá liostaithe ina tairseach gréasáin.

Tá fostaí buan amháin ag CLÉ, riarthóir an Choimisiúin, an Dr. Cathy Hayes, agus ba mhaith liom mo bhuíochas ar leith a chur in iúl maidir leis an obair atá déanta aici agus lena tiomantas ó ceapadh í in 2006, agus go háirithe sa bhliain 2018.

Mar fhocal scoir, ní mór dom an méid a scríobh mo réamhtheachtaí i dtuarascálacha roimhe seo a athrá: nach bhfaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair as ranníocaíocht fíor-riachtanach, rud a fhágann gur féidir leis an gCoimisiún a shainchúram a chomhlíonadh. Coinníodh an traidisiún seirbhíse seo don scoláireacht agus don stát araon ó bunaíodh an Coimisiún i 1928.

John McCafferty,
Cathaoirleach
Feabhra 2019

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Clár ábhair

	Leathanach
Clár ábhair	1
Faisnéis faoin gCuideachta	2
Tuarascáil na Stiúrthóirí	3 - 14
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	15
Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha	16 - 19
Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais	20
Clár Comhardaithe	21
Ráiteas faoi Athruithe i gCistí	22
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	23
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	24 - 31

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
Faisnéis faoin gCuideachta

Stiúrthóirí	John McCafferty (Cathaoirleach) Ciara Breathnach Liam Chambers Sandra Collins Patrick Geoghegan David William Hayton Thomas Alvin Jackson Elva Johnston James Kelly Mary Ann Lyons Maire Mac Conghail Kate Manning John McDonough Hiram Morgan Nicola Morris Thomas O'Connor Dáibhí Ó Cróinín Mary O'Dowd Jane Ohlmeyer Michael Willis
Rúnaí	Cathy Hayes
Uimhir Chuideachta	414351
Oifig Chláraithe	45 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2
Iniúcháirí	Duignan Carthy O'Neill 84 Bóthar Northumberland Baile Átha Cliath 4
Seoladh Gnó	45 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Banc na hÉireann 39 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) foinsí príomha lámhscríbhinne do stair agus cultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní fhoilseofaí na foinsí sin ar shlí eile mar nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh na tráchtála de ar chor ar bith. Mar chomhlacht poiblí, gníomhaíonn CLÉ freisin mar chomhairleoir don rialtas, nuair is gá, i dtaca le hábhair a bhaineann le bunfhoinsí go ginearálta agus cuireann sé feachtas an phobail agus na n-institiúidí ar a thábhachtaí atá na foinsí sin chun cinn.

Athbhreithniú Gnó

D'fhoilsigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann plan nua um fhorbairt straitéiseach don tréimhse 2018-2022. Tar éis do CLÉ dul i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara ar líne agus trí chuireadh díreach, tógann an plan nua ar straitéisí roimhe seo chun fíis CLÉ a bhaint amach maidir le foilsiú bunfhoinsí agus feachtas ar bhunábhair, agus rochtain orthu, a chur chun cinn maidir le stair, cultúr agus oidhreacht na hÉireann agus a muintire. Athdhearbhaítear leis tosaíochtaí straitéiseacha CLÉ mar fhoilsitheoir, mar chomhpháirtí comhoibritheach, mar shainchomhairleoir, mar thionscnóir feachta ar an ngá le bunfhoinsí a chaomhnú agus mar thacadóir agus cleachtóir digitithe. Leagtar amach sa phlean freisin cuspóirí chun na tosaíochtaí straitéiseacha seo a bhaint amach.

Torthaí

B'ionann an cailteanas don bhliain tar éis soláthar a dhéanamh do dhímheas agus €8,264. (2017 - brabús €27,590).

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Is ionann na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus maoiniú leanúnach ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Go dtí seo tá buiséad bliantúil faighte ag CLÉ a chuir ar a chumas a phríomhchúram foilsithe a chomhlíonadh, ach is meabhrú é an cor chun donais eacnamaíoch i ndiaidh 2008 go bhfuil maoiniú leordhóthanach i mbaol i gcónaí.

Gníomhaíochtaí

Foilseacháin

Le linn 2018, foilsíodh trí eagrán nua de bhunfhoinsí mar aon le heisiúint de shraithfoilseachán CLÉ *Analecta Hibernica*. I dtreo dheireadh 2018, bhí roinnt eagrán le foilsiú go luath, ach ní raibh siad fós ag na clódóirí. Beidh na heagraí seo a leanas le feiceáil go luath in 2019: Documents relating to the Bogs Commissioners, 1809-1813 arna gcur in eagar ag Arnold Horner agus 1641 Depositions, vol. V, Kildare & Meath, príomh-eagarthóir Aidan Clarke.

Poema de Hibernia, a Jacobite Latin epic on the Williamite wars

Arna chur in eagar ag an Dr. Pádraig Lenihan agus ag an Ollamh Keith Sidwell, soláthraíonn an eipic chomhaimseartha Laidineach seo - an Poema de Hibernia mar a thugtar air ('Dán faoi Eirinn) - cuntas mionsonraithe ar chogadh Rí Liam in Éirinn ó dhearcadh na gcailliúnaithe. Tá níos mó ná 5,500 líne ann a scríobhadh i heicseaméadair dhachtalacha agus eagraíodh i sé leabhar. Tá sé le fáil i lámhscríbhinn amháin (Gilbert MS 141 atá i Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath), mar aon le cóip ó dheireadh an naoú haois déag (Gilbert MS 142). Ba é cumadóir na heipice seo saineolaí filíochta in dhá cheann ar a laghad de thrí theanga na hÉireann (Béarla agus Laidin). Is sliocht pholaitiúil é freisin a dhán,

mar aon le scéal cogaidh agus ceiliúradh ar chrógacht na ndaoine a raibh aithne phearsanta ag an bhfile orthu. Fágann an Poema ó pheirspictíochtaí scoilte an 'A light to the blind' ar son Tyrconnell agus an claonadh frith-Tyrconnell de Macariae Excidium le Charles O'Kelly. Tarraingíonn sé aird ar chomhréiteach i measc faicsean Seacaibíteach in Éirinn agus pléann sé le heachtraí tábhachtacha nár luadh i gcuntais chomhaimseartha eile. San eagrán seo, tá an téacs Laidine iomlán agus sainaistriúchán Béarla ar dhán a bhfuil tábhacht mhór stairiúil ag baint leis.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Calendar of entries in the Papal Registers relating to Great Britain and Ireland. Papal Letters, vol. XXIII, Part 1

Arna chur in eagar ag Alan Macquarrie, clúdaíonn an t-imleabhar seo de litreacha an phápa an chéad sciar de na Cláir Latairíne do phontaifeacht thábhachtach Clement VII (1523-1534). Tugtar ann cuid mhór faisnéise - beathaisnéiseach, topagrafach agus polaitiúil - faoi na heaglaisí sa Bhreatain agus in Éirinn go díreach roimh bhriseadh Henry VIII leis an Róimh. Is an-dul chun cinn é i dtreo phríomhaidhm thionscadal Calendar of Papal Registers a bhaint amach, is é sin an t-ábhar sna cláir a chur ar fáil do thaighdeoirí. Tugann na litreacha le tuiscint go raibh trácht leanúnach ann idir na hoileáin seo agus Cúirt an Phápa agus tugann siad léargas luachmhar ar an gcaidreamh idir na heaglaisí náisiúnta agus an phápacht. Is díol suntais ar leith na difríochtaí idir na cineálacha idirbheart dlí a dhéantar laistigh de na heaglaisí sna codanna éagsúla de na hoileáin. Mar is eol do mhic léinn uile na tréimhse, is páipéir chúlra riachtanacha iad seo do mhic léinn an Reifirméisin.

Analecta Hibernica, No. 49

Bhí na hábhair seo a leanas san eagrán seo de shraithfhoilseachán an Choimisiúin: Aqua lunaris and Oleum solis: a copy of a manuscript le Richard Stanihurst, arna chur in eagar ag Conleth Loonan; Interrogating Richard Boyle: The Savoy House Proceedings of 1599, arna chur in eagar ag David Edwards; The appeal of Thomas Franke to the Court of Claims, 1666, arna chur in eagar ag John Johnston; France and Ireland in the late eighteenth century: The correspondence of Charles Coquebert de Montbret and Andrew Caldwell, arna chur in eagar ag Jane Conroy agus Barbara Wright. Cuimsíonn an t-eagrán seo tuarascáil an Choimisiúin chuig an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta do 2017 agus tuairisc bháis do chomhalta oinigh CLÉ an tOllamh Francis J. Byrne. Ba mhian le CLÉ a bhuíochas a chur in iúl d'eagarthóir Analecta Hibernica, an tOllamh James Kelly, a thug sraithfhoilseachán an Choimisiúin chuig sceideal foilsitheoireachta rialta le cúig bliana déag anuas.

The letters of Katherine Conolly, 1707-1747

Agus guth na mban sa taifead bunfhoinsé á léiriú iontu, is eagrán tábhachtach é seo de chomhfhreagras ó thús an ochtú haois déag arna chur in eagar lena fhoilsiú ag an Dr. Marie-Lousie Jennings agus ag an Dr. Gaye Ashford. Le linn a saol fada a mhair nócha bliain, choinnigh Katherine Conolly (née Conyngham), chatelaine Theach Bhaile an Chaisleáin, comhfhreagras bríomhar gníomhach. Mar bhean an pholaiteora Éireannaigh is mó le rá agus is saibhre sa tréimhse - William Conolly - is féidir a rá go raibh saol faoi phribhléid ar leith aici. Is léir go raibh sé ar a hacmhainn na rudaí is fearr a cheannach, ach tá na 290 litir uaithi a mhaireann tábhachtach mar gheall ar an méid atá iontu maidir leis an saol teaghlaigh agus laethúil i measc na scothaicme cainteoirí Béarla in Éirinn san ochtú haois déag. Ba í Katherine an duine ceannais i measc grúpa mór agus casta col ceathracha. Bhí na daoine is fearr léi ann agus bhí naimhde aici, bhí baill teaghlaigh ann ar thacaigh sí leo i gcónaí, agus bhí daoine eile ann nár mheas ach go raibh sí ina foinse airgid nó bronntanas. Ina ainneoin sin go léir, choinnigh sí a dínit, a staidiúr agus a seasamh. Ba bhean í a raibh carachtar láidir aici chomh maith le claontachtaí láidre, agus soláthraíonn na nithe a thaitin léi agus nár thaitin léin - atá breactha síos go mion ina litreacha iontacha chuig a deirfiúr, Jane Bonnell, agus atá mar an chuid is mó den eagrán seo - léargas iontach ar an saol a bhí ann san ochtú haois déag. Go deimhin, is ar éigean go bhfuil aon ghné den saol sin fágtha ar lár, agus nach gcuireann an t-eagrán seo leo.

Seoltaí in 2018

Measann CLÉ go bhfuil seoltaí mar chuid bhunúsach de chur chun cinn an eagraí den bhunfhoinsé a foilsíodh, agus den fheasacht níos leithne ar an ngá atá le foinsí lámhscríbhinní i gcló a chaomhnú a d'fhéadfadh a bheith deacair teacht orthu murach sin. Bhí trí sheoladh leabhar ann in 2018: i mí Feabhra, i mí na Samhna agus i mí na Nollag. Tionóladh dhá cheann de na fáiltithe seolta i seomraí Chartlann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ) a roinneann CLÉ cóiríocht leo ag uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean agus a

bhfuil CLÉ buíoch díobh as cabhair agus as tacaíocht ar na hócáidí seo. Tionóladh an fáiltiú le haghaidh seoladh imleabhar Calendar of Papal Registers i dteach Ambasadóir na hÉireann chuig an Suí Naofa sa Róimh.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Seoltaí in 2018 (ar lean.)

Ar an 15 Feabhra, seoladh go foirmiúil an eipic Laidine ón seachtú haois déag, Poema de Hibernia, a Jacobite Latin epic on the Williamite wars, agus léiríodh le láithreacht clasaicíoch agus staraithe détharraingt na foinse lámhscríbhinn seo. Agus an chomhpháirt Laidine den eagrán á seoladh aici, dúirt an tOllamh Anna Chahoud go raibh sé ar cheann den líon beag d'eipicí Laidine iomlána ón tréimhse nua-aimseartha luath d'Éirinn agus gur leathnaíodh an spéis san fhoinsé seo trí aistriúchán léannta an téacs a chuir an tOllamh Keith Sidwell ar fáil. Agus anailís bhreise á déanamh aige ar an aistriúchán, dúirt an Dr. Harman Murtagh gur breisiú fiúntach a bhí san eagrán seo leis na foinsí Seacaibíteacha a bhí foilsithe ag CLÉ cheana féin. Dúirt sé freisin, cé gur léir go raibh oideachas clasaiceach agus dearcadh amuigh ag an údar, gur léir go raibh brón mór air mar gheall ar imeachtaí a tharla. Dúirt sé mar fhocal scoir gur téacs an-éasca atá ann agus gur acmhainn den scoth iad na nótaí a chuir na heagarthóirí ar fáil d'aon duine a léann an téacs, rud a mhol sé don lucht féachana. Ghabh an Dr. Pádraig Lenihan buíochas leis an lucht seolta, ach freisin le James McGuire, iar-chathaoirleach CLÉ, as an obair shármhaith a rinne sé chun cóipeagarthóireacht a dhéanamh ar an eagrán lena fhoilsiú. Thug an tOllamh Sidwell imeachtaí chun deiridh trí sliocht as an téacs Laidine a léamh a ghabh brón an údair agus é ag faire ar na hairm a bhí ag imeacht chun na Fraince.

Ar an 14 Samhain, seoladh an t-imleabhar is déanaí sa tsraith Calendar of Papal Registers (CPR), rud a rinneadh go hoiriúnach sa Róimh. Clúdaíonn an t-imleabhar seo - Uimh. XXIII, Cuid 1 agus go croineolaíoch an t-imleabhar deiridh sa tsraith - pápacht Clement VII. Seoladh an t-imleabhar, arna chur in eagar lena fhoilsiú ag an Dr. Alan Macquarrie, ag fáiltiú iontach arna óstáil ag Ambasadóir na hÉireann don Suí Naofa, a Shoilse an tUasal Derek Hannon. Ghabh Cathaoirleach CLÉ, an tOllamh John McCafferty buíochas ó chroí leis an Ambasadóir as an seoladh a óstáil, a chéad rannpháirtíocht oifigiúil. Ghabh sé buíochas freisin leis an Eagarthóir Ginearálta, an Moinsíneoir Charles Burns, as an taispeántas iontach imleabhar CPR a d'fhoilsigh CLÉ ó bhí 1970 ann, agus as roinnt saothar gaolmhar eile a d'ullmhaigh sé mar aon le bileog ar stair an tionscadail. I measc an lucht féachana bhí Leabharlannaí agus Cartlannaí na Vatacáine, a Shoilse an Sár-Oirmhinneach José Tolentino Mendonça agus an tOllamh Eamon Duffy, Cathaoirleach Bhord Eagarthóireachta CPR.

Seoladh go foirmiúil The letters of Katherine Conolly, 1707-1747, Déardaoine an 6 Nollaig 2018. San eagrán seo, arna chur in eagar ag an Dr. Marie-Louise Jennings, nach maireann (a fuair bás in 2015), agus ag an Dr. Gaye Ashford, tugtar le chéile cuid mhór litreach nach raibh staraithe eolach orthu roimhe sin. Agus an t-eagrán á sheoladh aige, dúirt an tOllamh David Dickson go raibh an-obair déanta ag an Dr. Jennings maidir le béim a leagan ar ghuth na mban i mbunfhoinsí agus mhol sé an Dr. Ashford as an eagarthóireacht a rinne sí ar an téacs lena fhoilsiú. Dúirt sé leis gur táirge fíochmhar Dhún na nGall í Katherine Conolly, a mhair 90 bliain, agus a raibh grá aici do leanaí, cé go raibh sí féin gan leanbh. Léiríodh sa chomhfhreagras a naisc leis an teaghlach agus sonraí faoina gníomhaíocht shóisialta agus an dúil a bhí aici i "sluaite agus daoine an-óga" - in éineacht le grá láidir aici do sheacláid agus d'fhanail! Agus í ag freagairt don Ollamh Dickson, labhair an Dr. Ashford go croíúil faoi Katherine Conolly agus ghabh sé buíochas leis na cartlanna a choinníonn a comhfhreagras as iad a chur ar fáil. Ghabh sí buíochas ar leith le hiníonacha Marie-Louise Jennings, Anna Clarke agus Lucy Soolia, a thaistil go Baile Átha Cliath don seoladh.

90 bliain de CLÉ

Tionóladh seimineár tráthnóna an 17 Deireadh Fómhair 2018 chun comóradh 90 bliain an fhógra i nDail Éireann a cheiliúradh i mí Dheireadh Fómhair 1928 maidir le ballraíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann nua-bhunaithe. Cuireadh tús leis an ócáid le seoladh foirmiúil ag Ceann Comhairle, Sean Ó Fearghail TD de Phlean Forbartha Straitéisí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann do 2018-2022. Le linn dó an plean a sheoladh bhí an Ceann Comhairle ina chúis mhór spraoi nuair a mheas sé an bhféadfadh bunfhoinsé á foilsiú ag CLÉ i gceann 90 bliain bunaithe ar na Tvuíteanna bailithe ó

pholaiteoirí éagsúla atá eolach ar na meáin shóisialta. Tar éis seoladh an phlean straitéisigh nua bhí ceithre chur i láthair gearra seimineáir a léirigh tionchar lárnach Eoin MacNeill i mbunú an Choimisiúin agus a chlár luatha foilsithe, ach nuashonruithe spreagúla freisin ar dhá thionscadal reatha a bhfuil CLÉ bainteach leo agus a úsáideann na teicnící nua-aimseartha is fearr chun foinsí don stair a chur ar fáil don staidéar is leithne is féidir. Ba iad a leanas na cuir i láthair seimineáir: an Dr. Michael Kennedy ('Bold and Imaginative': Eoin MacNeill's Irish Manuscripts Commission); an Dr. Elva Johnston (A politics of history? Eoin MacNeill's early medieval Ireland); an Dr. Peter Crooks (An archival palimpsest: the Beyond 2022 project and the Four Courts blaze) agus Zoe Reid (Conserving documents saved from the Public Record Office (Ireland) fire of June 1922).

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Seirbhísí agus fógraíocht

De réir mar a tuairiscíodh i dtuarascálacha CLÉ roimhe seo, glacann CLÉ le glaonna teileafóin agus le fiosrúcháin ríomhphoist ó gach cearn den domhan. Déantar iad sin a bhainistiú faoi théarmaí na Cairte Custaiméirí dár gcuid. Seachadtar roinnt seirbhísí d'úsáideoirí le suíomh gréasáin CLÉ; díol ar líne fhoilseacháin CLÉ; cóipeanna digitithe inchuadaithe de shaothair CLÉ atá as cló; tograí le haghaidh foilsithe a chur isteach ar líne; PDFanna in-íoslódáilte don chatalóg leabhar CLÉ is déanaí, tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus doiciméid bheartais. Déanann CLÉ athbhreithniú ar dheardh a láithreáin ghréasáin go rialta chun seachadadh na seirbhísí seo a bharrfheabhsú agus a fhorbairt.

Le linn 2018 mhéadaigh CLÉ a ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta. Leanadh le méadú ar an líon leantóirí atá ag CLÉ ar Twitter agus tháinig méadú ar a chuid gníomhaíochta ar Facebook freisin le linn na bliana. Táthar ag súil go leanfaidh CLÉ sna blianta atá romhainn le dul i dteagmháil le pobail nua úsáideoirí trí na meáin shóisialta agus go bhfreagróidh sé don éileamh atá ann ar bhealaí nua chun feachtas a mhéadú ar fhoilseacháin CLÉ agus ar obair níos leithne an Choimisiúin maidir le caomhnú taifead araon.

Rinne CLÉ fógraíocht i raon leathan d'fhoilseacháin chlóite le linn 2018. Leanadh le fógraíocht i ngach eagrán de History Ireland agus Books Ireland, agus i Family Directory de chuid Ulster Historical Foundation agus sna turais bhóthair ghinealais dá cuid go SAM agus chun na hAstráile agus chun na Nua-Shéalainne; tá na gnéithe sin ag croílár chur chun cinn fhoilseacháin CLÉ do phobail staraithe gairmiúla agus amaitéaraigh, leabharlannaithe agus ginealeolaithe/staraithe teaghlaigh faoi seach. Cuireadh fógraí sprioctha sna foilseacháin a leanas freisin: The Literary Review Magazine (Poema de Hibernia, a Jacobite Latin epic on the Williamite wars agus Acts of James II's Irish Parliament of 1689); an London Review of Books (teidil Sheacaibíteacha); Senior Times (foinsí géineolaíochta); Irish Arts Review (Letters of Katherine Conolly i gcomhar le halt ar Theach Bhaile an Chaisleáin); agus dáileadh fógrán tiomnaithe ar eagrán mheánaoiseacha sna pacáistí comhdhála ag Irish Conference of Medievalists a bhí ar siúl i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh i mí an Mheithimh. Tá an-tábhacht ag baint le fógraíocht chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc lucht féachana seanbhunaithe agus nua in Éirinn agus thar lear.

'Eagrán Dhigiteacha' CLÉ

Tar éis athfhorbartha ar láithreán gréasáin CLÉ, cuirfear tús le clár feabhsaithe CLÉ ar an tseirbhís um Eagrán Dhigiteacha dá chuid. Cuireadh tús leis an obair seo i dtreo dheireadh 2018 agus leanfar leis isteach in 2019. Le comhéadan nua cuardaigh agus léimh, bunaithe ar fhormáid 'léigh ar líne' na Cartlainne Idirlín (<https://archive.org>), cuirfear feabhas ar eispéireas an úsáideora agus ar idirghníomhaíocht le hEagrán Dhigiteacha CLÉ. Samhlaítear go gceadóidh an comhéadan nua cuardach comhuaineach thar gach eagrán digitithe CLÉ chomh maith le cuardach laistigh d'eagrán.

Measann CLÉ go bhfuil digitíú liosta na saothar dá chuid ina chuid dhílis dá shainchúram um sheirbhís phoiblí chun rochtain ar bhunfhoinsí lámhscríbhinní atá caomhnaithe i gcló aige a fheabhsú agus chun feachtas ina leith sin a fheabhsú araon. De réir na meán agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ gach iarracht chun úinéirí cearta a fhoinsíú agus a aithint maidir le hábhair uile a úsáidtear ar chuid na nEagrán Digiteach dá láithreán gréasáin. Iarrann CLÉ ar úinéirí cearta a chreideann nár aithníodh go ceart iad ar láithreán gréasáin CLÉ, nó a chreideann nár tugadh aird iomlán ar a gcóipcheart, dul i dteagmháil le CLÉ trí ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó ar theileafón ag + 353 16761610.

An tionscadal um Books of Survey and Distribution

Rinne taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath obair ar an tionscadal straitéiseach CLÉ seo faoi stiúir an Ollaimh Micheál Ó Siochrú. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2015 agus seachadfaidh sé san fhómhar 2019 leagan digiteach inchuadaithe ar líne de na Books of Survey and Distribution (BSD) ina bhfuil 20 imleabhar, atá á gcoinneáil i gCartlann Náisiúnta na hÉireann (tacar Oifig an Chíosá Chuitigh).

Beidh an acmhainn sin ar fáil d'úsáideoirí ar fud an domhain chun cuardach saor in aisce. Cuirfidh sé leis an láithreán gréasáin Down Survey de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (downsurvey.tcd.ie) d'fhonn rochtain a sholáthar ar 'bhunfhoinse mhór lena mbaineann luach cruthaithe do staraithe, do ghinealeolaithe agus do shaineolaithe logainmneacha' (Plean Forbartha Straitéisí CLÉ, 2012-2016, lch. 14). I gcomhréir lena shainchúram maidir le foinsí i gcló a chaomhnú, foilseoidh CLÉ eagrán clóite il-imleabhair de théacs tras-scríofa na n-imleabhar lámhscríbhinne freisin. Tá an tionscadal comhpháirteach seo ina eiseamláir den chomhpháirtíocht atá ar bun idir CLÉ mar fhoilsitheoir, agus mar mhaoinitheoir sa chás seo, agus gníomhairí seachtracha a bhfuil na scileanna acu a theastaíonn chun bunfhoinis a chur ar fáil ar ardán inchuadaithe ar líne.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Tionscadal na n-ábhar a sábháladh i 1922

Is tionscadal compháirteach é seo le Cartlann Náisiúnta na hÉireann chun scrúdú a dhéanamh ar 221 beart ábhair a aisghabhadh ó Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn (OTPÉ) tar éis di a bheith scriosta i 1922, ach níor scrúdaíodh iad go mion roimhe seo. Le measúnú caomhnaithe agus liostú na mbeart seo osclófar cuid de na bailiúcháin le haghaidh taighde agus tuilleadh fiosrúcháin agus beifear in ann tosaíocht a thabhairt maidir le caomhnú breise. Foilseoidh CLÉ catalóg i gcruachóip den ábhar a sábháladh chun feachtas a mhéadú tuilleadh ar an ábhar sin. Cuirfear an chatalóg ar fáil ar líne freisin. Ócáid bharrthábhachtach i stair na hÉireann ba ea scriosadh OTPÉ i 1922. Chuir sé deireadh le sciartha suntasacha de thaifid na hÉireann agus bhí tionchar uafásach aige ar scríobh stair na hÉireann. Ar bhealach is ionann an bhaint atá ag CLÉ leis an tionscadal seo agus an scéal ag teacht ar ais san áit ar thosaigh sé toisc gurbh é an t-imeacht uafásach seo an rud a spreag bunú Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ag W.T. Cosgrove agus bunú na Comhairle Feidhmiúcháin sé bliana ina dhiaidh sin i 1928.

Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an Dr. Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006. Soláthraíonn Judith O'Brien Uasal agus an Dr. Melinda Lyons cúnamh riaracháin ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse.

Luach Saothair na Foirne CLÉ:

Le tuairisciú airgeadais faoi láthair éilítear go ndéanaimid líon na mball foirne buan a thuilleann breis agus €60,000 in aghaidh na bliana a liostú inár gcuntais. I láthair na huaire, ní sháraíonn aon tuarastal an méid sin i CLÉ. Mar sin féin, ar mhaithe le trédhearcacht, breacaimid síos gach leibhéal tuarastail thíos. Le linn 2018 bhí fostaí amháin ag CLÉ atá fostaithe ar bhonn buan lánaimseartha. Rinneadh an tuarastal seo a reo in 2009 agus níor tháinig aon athrú air ó shin.

Soláthraíonn beirt daoine cúnamh riaracháin ar bhonn conartha páirtaimseartha le haghaidh seirbhíse.

Maidir le tuarastail, is é seo a leanas miondealú na dtuarastal in 2018:

Tuarastal níos mó ná €70,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine

Tuarastal idir €60,000 - €70,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine

Tuarastal idir €50,000 - €60,000 in aghaidh bliana: 1 dhuine

Tuarastal idir €40,000 - €50,000 in aghaidh na bliana: beirt *

Tuarastal idir €30,000 - €40,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine

Tuarastal idir €20,000 - €30,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine

Tuarastal níos lú ná €20,000 in aghaidh na bliana: 0 dhuine

*bunaithe ar thuarastal bliantúil coibhéiseach pro-rata

Sláinte agus sábháilteacht fostaithe

Déantar folláine fhostaithe na cuideachta a chosaint trí chloí le caighdeán sláinte agus sábháilteachta. Cuireann an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceanglais áirithe ar fhostóirí agus rinne an chuideachta na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíontar an reachtaíocht, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ghlacadh.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Rialachas

In 2018 chuir CLÉ an próiseas foirmiúil i gcrích chun Bunreacht nua a ghlacadh don chuideachta de réir Acht na gCuideachtaí 2014. Fuarthas cead críochnaitheach don doiciméad ó Oifig na gCuideachtaí, ó rannán na gCarthanas ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ó Údarás Rialála Carthanas i mí Feabhra 2018. Cheadaigh Bord Stiúrthóirí/Comhaltaí CLÉ an Bunreacht go foirmiúil ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a tionóladh ar an 26 Márta 2018.

Bhuail Bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le chéile ar sheacht ócáid in 2018, is é sin sé huaire le haghaidh gnáthchruinnithe gnó agus uair amháin le haghaidh an Chruinniú Ginearálta Bliantúil. Glacadh le cuntais iniúchta ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil agus taisceadh iad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Leanann Stiúrthóirí/Comhaltaí Boird CLÉ an treoir do stiúrthóirí cuideachta, rúnaithe cuideachtaí agus comhaltaí a chuirtear ar fáil sna leabhair faisnéise arna dtáirgeadh ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Déanann Bord CLÉ a dhícheall chun seachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán a áirithiú agus leanann sé an cleachtas um dhea-rialachas mar atá leagtha amach sa Chód Rialachais, is é sin cód cleachtais deonach do charthanais.

Airgeadas

Mar a bhí an cás i mblianta roimhe seo, ba mhian le CLÉ aitheantas a thabhairt i dtaca leis an maoiniú a fuair sé le linn 2018 ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Gan an deontas a sholáthraíonn an Roinn, ní fhéadfadh CLÉ a shainchúram a chomhlíonadh. Tá an maoiniú bliantúil seo mar bhonn agus thaca ag clár foilseacháin CLÉ. Cé gur laghdaíodh an deontas bliantúil le blianta beaga anuas, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar é a thabhairt ar ais ag na leibhéil a bhí ann roimhe de réir mar a tharlaíonn téarnamh geilleagraich.

An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

Ba mhaith le CLÉ aitheantas a thabhairt anseo freisin do chomhaltaí Aonad na nInstitiúidí Cultúrtha a rinne idirchaidreamh le CLÉ thar ceann na Roinne in 2018, go háirithe an tUasal John Kennedy agus an tUasal Colm Lundberg. Táimid ag tnúth le leanúint le hobair a dhéanamh leis an Roinn d'fhonn sainchúram CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir bunfhoinsí do startha agus do chultúir na hÉireann agus chun suíomh CLÉ a fhorbairt mar nasc tábhachtach idir pobal na hoidhreacht cultúrtha agus an pobal níos leithne de thaighdeoirí na ndaonnachtaí.

Taighde agus Forbairt

Níor tabhaíodh aon chostais taighde agus forbartha sa bhliain.

Teagmhais larchláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl aon athruithe suntasacha beartaithe ag na stiúrthóirí maidir le nádúr an ghnó.

Forbairt Amach Anseo

Leanfaidh CLÉ dá acmhainní a chaitheamh ar fhoilsiú bunfhoinsí lámhscríbhinní. Leanfaidh sé freisin de chaomhnú bunfhoinsí ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus go háirithe - trí obair a Choiste Feasachta Caomhnaithe agus Rochtana - chun feasacht an phobail a ardú maidir leis an ngá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú; beidh na taifid seo ina mbunfhoinsí sa todhchaí do staraithe atá ag obair ar an aonú haois is fiche.

Ag teacht lena shainchúram seirbhíse poiblí, rachaidh CLÉ i ngleic le teicneolaíochtaí nua-aimseartha

chun eagraín leictreonacha de liosta na saothar dá chuid a chur chun cinn agus a chur ar fáil, trína láithreán gréasáin agus trí thairseacha oiriúnacha oidhreachtacha cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha. Cuirfear foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil ar líne d'úsáideoirí, in Éirinn agus ar fud an domhain, saor in aisce.

Faoi láthair, tá CLÉ ag seachadadh na gcuaspóirí straitéiseacha atá mionsonraithe ina Phlean Forbartha Straitéisí 2018-2022. Leis an bplean cúig bliana seo cruthaítear creat soiléir don CLÉ chun a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach agus chun a sheirbhísí a sholáthar, agus aird chuí á tabhairt ar ardchaighdeán rialachais agus cuntasachta do gach páirtí leasmhar CLÉ.

Ranníocaíochtaí Polaitíochta

Níor thug an chuideachta aon síntiúis pholaitíochta sa bhliain.

**Coimisiún Lámhscríbhinní na
hÉireann**

**Tuarascáil na Stiúrthóirí
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig
2018**

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta a rinne na stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur chun feidhme le haghaidh idirbhearta a thaifeadadh, pearsanra inniúil cuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí aige a fhostú agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas faoi fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta

Dheimhnigh gach duine díobh sin a bhí ina stiúrthóirí nuair a faomhadh Tuarascáil na Stiúrthóirí:

- nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta ann, de réir eolas an stiúrthóra, nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus
- chomh fada agus is eol don stiúrthóir, nach bhfuil aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta eolach uirthi, agus gur ghlac an stiúrthóir gach céim ba chóir dó nó di a ghlacadh mar stiúrthóir d'fhonn é/í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dhearbhu go bhfuil iniúcháirí reachtúla na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Iniúcháirí

D'éirigh Duignan Carthy O'Neill as an bpost mar iniúcháirí i rith na bliana agus cheap na comhaltaí Duignan Carthy O'Neill Teoranta chun an folúntas sealadach a líonadh.

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, chuir na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill Teoranta, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig.

Thar ceann an Bhoird

John McCafferty
Stiúrthóir

Maire Mac Conghail
Stiúrthóir

Dáta: 27 Feabhra 2019

**Coimisiún Lámhscríbhinní na
hÉireann**

**Tuarascáil na Stiúrthóirí
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialachán na hÉireann. Le dlí na gcuideachtaí atá i bhfeidhm in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais.

De réir an dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn (GAAP na hÉireann, lena n-áirítear SORP Carthanas (FRS 102)) ag tabhairt léargas fíor agus cóir ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús nó cailteanas na cuideachta do gach bliain airgeadais. De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó cailteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go bhfuil siad ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cé acu a ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme nó nár ullmhaíodh, na caighdeáin sin a aithint, agus tionchar aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin, agus na cúiseanna leis an imeacht/na himeachtaí sin, a thabhairt dá n-aire; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé cuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta de bheith i mbun gnó.
- breathnú ar mhodhanna agus ar phrionsabail sa SORP Carthanas (FRS 102)

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcinntíonn an chuideachta go gcoinnítear, leabhair chuntasaíochta leordhóthanacha lena mínítear agus lena dtaifeadtar idirbhearta na cuideachta i gceart, lena gcumasaítear sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na cuideachta a dhearbhu le cruinneas réasúnta tráth ar bith, lena gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus lena gcumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird

John McCafferty
Stiúrthóir

Maire Mac Conghail
Stiúrthóir

Dáta: 27 Feabhra 2019

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do chomhaltaí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, an Ráiteas faoi Athruithe i gCistí agus na nótaí do na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná Dlí na hÉireann agus an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - 'an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'.

Is é ár dtuairim:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmháíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chreata tuairiscithe airgeadais chuí agus de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 go háirithe.

Bonn na tuairime

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (Éire) (ISAs (Éire) agus de réir an dlí infheidhmithe. Cuirtear síos tuilleadh ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin i bhFreagrachtaí an Iniúcháirí d'iniúchadh roinn ráiteas airgeadais ár dtuarascála. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na riachtanas eiticíúil atá ábhartha d'ár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil a eisítear ag IAASA, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar d'ár dtuairim.

Cinntí a bhaineann le Gnóthas Leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas mar a gcuireann ISA's (Éire) iachall orainn tuairisciú daoibh:

- nuair nach bhfuil úsáid na stiúrthóirí den bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta iomchuí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais; nó
- níor nocht na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon neamhchinnteachtaí ábhartha a aimsíodh ar féidir go mbeidís ina gcúis amhrais faoi chumas na cuideachta glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta ar feadh tréimhse de dhá mhí déag, ar a laghad, ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Eolas eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas sin atá le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil Iniúcháirí faoin eolas céanna. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas, agus seachas sa mhéid sin a dhearbhaítear go sonrach inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de thátal ráthaíochta faoi sin.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í an fhreagracht atá againn ná an t-eolas eile a léamh agus le linn dúinn sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile comhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh nó má fheictear dúinn go ndearnadh míráiteas faoi go hábhartha seachas sin. Má aimsimid a leithéid de neamh-

chomhsheasmhachtaí nó míráitis ábhartha follasacha, tá dualgas orainn cinneadh an ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den eolas eile. Más é an tátal a bhainimid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha an eolais eile seo, tá dualgas orainn tuairisc a thabhairt faoi sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do chomhaltaí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tuairim faoi nithe eile atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn an iniúchta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscímid an méid seo:

- is í ár dtuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus

- is í ár dtuairim gur ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na riachtanas infheidhmithe dlí.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aithmeanna an iniúchta faighte againn.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag réiteach leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint faoin gCuideachta agus faoina timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aimsíomar míráitis ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Is trí Acht na gCuideachtaí 2014 a cheanglaítear orainn tuairisciú daoibh má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear in ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Freagrachtaí faoi seach

Freagrachtaí na stiúrthóirí do na ráitis airgeadais

Faoi mar a mhínítear ar shlí níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom, agus as a leithéid de rialú inmheánach is a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó ar earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar atá infheidhmithe, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta ach amháin má tá sé i gceist ag an lucht bainistíochta cé acu an Chuideachta a leachtú, sin nó éirí as a bheith i mbun oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu seachas a leithéid a dhéanamh.

Freagrachtaí na nIniúcháirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuid cuspóirí ná ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó earráid, agus Tuarascáil Iniúcháirí a eisiúint a bhfuil ár dtuairim mar chuid di. Is leibhéal ard gealltanais é gealltanais réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí sa chás go bhfuil a leithéid de rud ann. Féadfaidh míráitis a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonair nó trí chéile, dá bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.


Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin an IAASA ag: [https://www.iaasa.ie/Publications/ISA-700-\(Ireland\)](https://www.iaasa.ie/Publications/ISA-700-(Ireland)). Tá an cur síos mar chuid de Thuarascáil na nIniúcháirí uainn.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

**Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do chomhaltaí
Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann**

Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus cé a bhfuil freagrachtaí dlite againn ina leith

Déantar an tuarascáil seo do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas gur féidir linn na nithe sin a chur in iúl do chomhaltaí na Cuideachta nach mór dúinn a chur in iúl dóibh i dTuarascáil na nIniúcháirí agus ar an gcúis sin amháin. Sa mhéid a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid le freagracht ar aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta, le haghaidh na tuarascála seo, nó maidir leis na tuairimí atá againn.



Elizabeth Murphy

Thar ceann
Duignan Carthy O'Neill Teoranta

Cuntasóirí Cairte agus
Iniúcháirí Cláraithe
84 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4

Dáta: 27 Feabhra 2019

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Ráiteas faoi Ghníomhaíochtaí Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

		Gan teorainn cistí 2018 €	Teoranta cistí 2018 €	Iomlán cistí 2018 €	Iomlán cistí 2017 €
	Nótaí				
Ioncam ó:					
Deontais	5	235,000	3,531	238,531	241,329
Díolacháin		15,043		15,043	20,716
Seirbhísí cíosa neamhairgid a tugadh		40,517		40,517	40,900
Ioncam Eile		2,896		2,896	1,266
Ioncam iomlán		293,456	3,531	296,987	304,211
Caiteachas ar:					
Costais riaracháin		(78,944)		(78,944)	(75,442)
Costais Eagarthóireachta agus Foilsithe		(61,770)		(61,770)	(71,283)
Costais Oifige		(32,883)		(32,883)	(42,150)
Tionscadail Speisialta		(41,353)	(3,531)	(44,884)	(30,983)
Caiteachas iomlán		(255,467)	(3,531)	(258,998)	(260,758)
Costas díolachán		(46,253)		(46,253)	(71,043)
Glanioncam/(Glancaiteachas)		(8,264)		(8,264)	(27,590)

Gach gníomhaíocht a bhaineann le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá na nótaí ar leathanaigh 18-25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal aici

Clár Comhardaithe ag an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	7	7,161	9,145
Sócmhainní Reatha			
Stoic	9	15,507	17,784
Féichiúnaithe	10	10,491	10,311
Airgead sa bhanc agus ar láimh	11	186,160	195,390
		<u>212,158</u>	<u>223,485</u>
Creidiúnaithe:			
suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin		(16,247)	(17,763)
Ioncam iarchurtha	13	(2,716)	(6,247)
		<u>(18,963)</u>	<u>(24,010)</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>193,195</u>	<u>199,475</u>
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha		<u>200,356</u>	<u>208,620</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Ranníocaíocht Chaipitil	15	154,831	154,831
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		45,525	53,789
Cistí	14	<u>200,356</u>	<u>208,620</u>

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 27 Feabhra 2019 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

Tá na nótaí ar leathanaigh 18-25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

John McCafferty
Stiúrthóir

Maire Mac Conghail
Stiúrthóir

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Ráiteas faoi Athruithe i gCistí don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais €	Ranníocaíocht Chaipitil €	Cothromas Iomlán €
Ag an 1 Eanáir 2018	53,789	154,831	208,620
Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain	(8,264)	-	(8,264)
Ag an 31 Nollaig 2018	45,525	154,831	200,356

I leith na bliana roimhe

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais €	Ranníocaíocht Chaipitil €	Cothromas Iomlán €
Ag an 1 Eanáir 2017	81,379	154,831	236,210
Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain	(27,590)	-	(27,590)
Ag an 31 Nollaig 2017	53,789	154,831	208,620

Tá na nótaí ar leathanaigh 18-25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

**Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018**

	2018	2017
	€	€
Réiteach brabúis oibriúcháin le sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Caillteanas oibriúcháin	(8,270)	(27,601)
Coigeartuithe do na rudaí seo:		
Dímheas	3,656	10,586
Laghdú i stoic	2,277	8,210
(Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe	(180)	3,644
Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe	(1,516)	8,621
Ioncam iarchurtha	(3,531)	(6,329)
Glanairgead tirim ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(7,564)	(2,869)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ús a fuarthas	6	11
Caiteachas caipitil	(1,672)	(7,305)
(Glan-eas-sreabhadh)/glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	(1,666)	(7,294)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe	-	-
(Glanlaghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim sa bhliain	(9,230)	(10,163)
Réiteach sreafa ghlain airgid le gluaiseacht i nglanfhiachas		
(Laghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim sa bhliain	(9,230)	(10,163)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 1 Eanáir 2018	11	195,390
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig 2018	11	186,160
	195,390	195,390

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Nótaí leis na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

1 Faisnéis Ghinearálta

Is éard atá sna ráitis airgeadais seo a chuimsíonn an Ráiteas ar ghníomhaíochtaí airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar athruithe ar chistí, Ráiteas na sreafaí airgid agus na nótaí bainteacha ráitis airgeadais aonair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, atá ionchorpraithe i bPoblacht na hÉireann. Rinneadh an chuideachta a ionchorprú in Éirinn ar an 24 Eanáir 2006. Is í 414351 uimhir chláraithe na cuideachta agus tá a hoifig cláraithe suite ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Tá cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

2 Beartais Chuntasaíochta

2.1. Bunús ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go coitianta leo in Éirinn agus de réir reacht na hÉireann a chuimsíonn Acht na gCuideachtaí 2014, agus SORP Carthanas (FRS 102). Is iad na Caighdeán Chuntasaíochta a nglactar go coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú a thugann léargas fíor agus cóir iad siúd a fhoilsíonn Cuntasóirí Cairte Éireann agus a eisiúnn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann comhdhéanta faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is carthanas cláraithe é agus tá a fheidhmíocht glactha agus tuairiscithe aige de réir na formáide dá bhforáiltear i SORP Carthanas agus tuairiscíonn sé go háirithe a fheidhmíocht don bhliain airgeadais i formáid Ráiteas Gníomhaíochtaí Airgeadais (SOFA) de chuid SORP.

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm sa dlí ar an 1 Meitheamh 2015, agus ón dáta sin cuireadh formáid agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais atá iomchuí do chuideachta atá ag trádáil chun brabús a comhaltaí a dhéanamh i bhfeidhm ar chuideachta atá ina heagraíocht sheachbhrabúsach. D'fhonead faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun maoirseacht na stiúrthóirí agus feidhmíocht agus staid airgeadais an charthanais a thuiscint, d'ullmhaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a ráitis airgeadais de réir na bhformáidí dá bhforáiltear i SORP Carthanas (FRS 102).

Measann na stiúrthóirí gurb é glacadh le riachtanais SORP an chuntasaíocht is iomchuí chun gníomhaíochtaí na heagraíochta a léiriú agus a nochtadh i gceart. Dá mbeadh formáid Acht na gCuideachtaí agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais a bheadh oiriúnach do chuideachta atá ag trádáil ar mhaithe le brabús a cuid comhaltaí curtha i láthair ina ionad sin, dhéanfaí cuntas brabúis agus cailteanais a thuairisciú le nótaí gaolmhara a thaispeánann míreanna amhail Láimhdeachas agus Costas Díolacháin mar aon le a "brabús" ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhmiúil na cuideachta é.

2.2. Ioncam

Luaitear ioncam glan ó lascaí trádála agus lacáistí méid agus díorthaíonn sé ó dhíolachán leabhar a thagann faoi ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ó dhíolachán leabhar nuair a aistríonn an chuideachta na rioscaí agus na luaíochtaí suntasacha úinéireachta sna hearraí, rud a tharlaíonn de ghnáth nuair a sheachadtar na leabhair go fisiciúil chuig an gceannaitheoir.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Nótaí leis na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

... ar leanúint

2.3. Ionstraimí Airgeadais

Ní aithnítear sócmhainn airgeadais ná dliteanas airgeadais ach tar éis don chuideachta éirí ina páirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime.

Ní théann an chuideachta isteach ach in idirbhearta bunúsacha ionstraimí airgeadais a bhfuil de thoradh orthu go n-aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais amhail cuntais trádála agus cuntais infhála agus iníoctha eile.

Déantar ionstraimí fiachais amhail cuntais infhála agus iníoctha a thomhas ar dtús ag luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí agus ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh. Is ag suim neamhlascainithe an airgid thirim nó na comaoine eile a meastar go n-íocfar nó go bhfaighfear é/í a thomhaistear ionstraimí fiachais atá iníoctha nó infhaighte laistigh de bhliain amháin i dtús nó ina dhiaidh sin. Is suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna infhaighte trádála iad de ghnáth.

Cuimsíonn airgead tirim an t-airgead tirim ar láimh agus taiscí prapéilimh. Cuimsíonn coibhéisí airgid thirim infheistíochtaí gearrthéarmacha ríleachtacha ar féidir iad a chomhshó go réidh ina suimeanna aitheanta airgid thirim lena mbaineann riosca neamhshuntasach go n-athrófar a luach.

2.4. Ainm na Cuideachta

Fuair an chuideachta ceadú faoi alt 1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 na focail 'Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta' a fhágáil amach as a hainm.

2.5. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun an costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh thar a saol ionchais úsáideach ar bhonn líne díri mar seo a leanas:

Daingneáin, feistis agus ríomhairí 20%

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a thaifeadadh i dtús ag an gcostas stairiúil. Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh laigí i dtréimhsí i gcás ina dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach anonn in-aisghabhála.

2.6. Stoc

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic as feidhm.

2.7. Pinsin

Tá na costais phinsean arna muirearú sna ráitis airgeadais in ionannas leis an ranníocaíocht a bhí iníoctha ag an gcuideachta le cuntas coigiltis scoir pearsanta (PRSA) sa bhliain.

Is bunaithe ar chéatadán seasmhach tuillimh atá an costas a bhaineann le ranníocaíocht a dhéanamh le scéim coigiltis phinsean phearsanta agus muirearaítear é chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol seirbhíse an fhostaí.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Nótaí leis na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

... ar leanúint

2.8. Seirbhísí Cíos

Tá cead ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann an foirgneamh ag 45 Cearnóg Mhuirfean a úsáid. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. Ós rud é gur seirbhís bhronnta a sholáthraítear don chuideachta í sin, measann na stiúrthóirí go bhfuil sé riachtanach an tseirbhís bhronnta a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Chuir siad muirear comhfhreagrach cíosa ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais freisin.

Muirearaítear an cíos ag luach margaidh an mhargaidh chíosa i mBaile Átha Cliath 2 le haghaidh maoin den mhéid céanna.

2.9. Cáin

Tá an chuideachta díolmhaithe ó cháin de bharr a stádais charthanais. (Uimhir cánach carthanais: 17206).

2.10. Deontais Rialtais

Scaoiltear deontais i leith caiteachais chaipitiúil chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais thar shaolré úsáideach ionchasach na sócmhainní. Scaoiltear deontais i leith caiteachais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

3. Breithiúnais agus príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin

Measann na stiúrthóirí gurb ionann na meastacháin agus toimhdí cuntasaíochta thíos agus a gcuid meastachán agus breithiúnas cuntasaíochta:

Gnóthas Leantach

Measann na stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna anonn agus ar aicmiú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Luacháil Stoic

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic as feidhm.

Bronntanais Seirbhíse Cíos

Luacháiltear bronnadh úsáid an fhoirgnimh ag an luach margaidh a bhaineann le maoin den chineál céanna a fháil ar cíos sa cheantar céanna.

4. Ioncam

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don bhliain óna príomhghníomhaíocht a dhéantar go hiomlán in Éirinn.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Nótaí leis na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

... ar leanúint

5. An Deontas ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

	2018	2017
	€	€
Deontas Bliantúil	235,000	235,000
Commentarius	3,531	6,329
	<u>238,531</u>	<u>241,329</u>

Tá dliteanas teagmhasach ann le deontais rialtais a fhaightear a aisíoc i gcás nach n-úsáidtear an deontas chun na críche a tugadh é.

6. Fostaithe

Líon Fostaithe

Déantar na costais foirne a anailísiú sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2018 líon	2017 líon
Líon Fostaithe	<u>1</u>	<u>1</u>

Déantar na costais foirne a anailísiú sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2018	2017
	€	€
Tuarastail (lena n-áirítear cúnamh riaracháin)	81,522	85,006
Pinsean	5,995	5,995
Costais leasa shóisialaigh (lena n-áirítear cúnamh riaracháin)	8,325	8,574
	<u>95,842</u>	<u>99,575</u>

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Nótaí leis na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

... ar leanúint

7. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin agus feistis €	Iomlán €
Costas		
Ag an 1 Eanáir 2018	55,451	55,451
Breiseanna	1,672	1,672
Ag an 31 Nollaig 2018	57,123	57,123
Dímheas		
Ag an 1 Eanáir 2018	46,306	46,306
Muirear don bhliain	3,656	3,656
Ag an 31 Nollaig 2018	49,962	49,962
Glanluachanna leabhar		
Ag an 31 Nollaig 2018	7,161	7,161
Ag an 31 Nollaig 2017	9,145	9,145

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile ab fhiú luach measta €48,710 uirthi. Aithnítear na sócmhainní sin sna breiseanna thuas ar luach ainmniúil €1.

8. Costais phinsin

B'ionann costais phinsin agus €5,995 (2017 – €5,995).

9. Stoic

	2018 €	2017 €
Earraí críochnaithe – Leabhair	15,507	17,784

Luacháladh stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Nótaí leis na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

... ar leanúint

10.	Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	2018 €	2017 €
	Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	10,491	10,311
11.	Airgead sa bhanc agus ar láimh	2018 €	2017 €
	Cuntas Reatha	52,212	34,078
	Cuntas Taisce - Tionscadail Speisialta	82,357	127,240
	Cuntas Taisce - Ioncam Neamhdheontais	51,564	34,034
	Mionairgead	27	38
		186,160	195,390
12.	Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	2018 €	2017 €
	OCánacha eile agus costais leasa shóisialaigh	6,088	7,163
	Fabhruithe	10,159	20,068
		16,247	27,529
13.	Ioncam iarchurtha	2018 €	2017 €
	Deontais Rialtais		
	Ag an 1 Eanáir	6,247	12,576
	A scaoileadh sa bhliain	(3,531)	(6,329)
	Ag an 31 Nollaig	2,716	6,247

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead a fuarthas i dtaca le tionscadal Commentarius. Níor cuireadh an tionscadal sin i gcrích faoi dheireadh na bliana.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Nótaí leis na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

... ar leanúint

14 Réiteach gluaiseachtaí i gcistí

	2018	2017
	€	€
Cistí Teoranta - An Bhliain Reatha	-	-
Cistí Gan Teorainn - An Bhliain Reatha	(8,264)	(27,590)
Easnamh don bhliain	(8,264)	(27,590)
Cistí Tosaigh tugtha ar aghaidh	208,620	236,210
	200,356	208,620

Cúlchistí Deiridh dailte mar seo a leanas

	Tosaigh Barrachas/ (Easnamh) 01/01/18	2018	Deiridh Barrachas/ (Easnamh) 31/12/18
	€	€	€
Cistí Teoranta	-	-	-
Cistí Gan Teorainn	-	(8,264)	(8,264)
Cúlchistí nár dáileadh roimh 01/01/16	208,620	-	208,620
	208,620	(8,264)	200,356

15 Ranníocaíocht Chaipitil

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann airgead tirim ab fhiú €130,731 agus stoc leabhar ab fhiú €24,100 uirthi. Bronnadh troscán agus trealamh oifige eile freisin agus cuireadh ar áireamh iad sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil €1. Is ionann é sin agus ranníocaíocht chaipitil iomlán is fiú €154,831.

16 Idirbhearta páirtithe gaolmhara

17 Aisíoctar le stiúrthóirí aon speansais taistil agus chothaithe a thabhaíonn siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

I rith na bliana dar críoch 2018 b'ionann na costais iomlána a aisíocadh agus €5,164 (2017: €2,511).

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeadh aon chíos le híoc as an spás oifige a úsáid. Faoi FRS 102 aithníodh luach margaidh de €40,517, lúide costas €40,517 i ráitis airgeadais 2018 (2017: €40,900) mar sheirbhís deonaithe neamh-mhalartaithe.

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Nótaí leis na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críochan 31 Nollaig 2018

... ar leanúint

18. Cúiteamh do phríomhphearsanra lucht bainistíochta

Níor íocadh aon chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2018.

19. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl aon athruithe suntasacha beartaithe ag na stiúrthóirí maidir le nádúr an ghnó.

20. Aistriú chuig SORP Carthanas (FRS 102)

Roghnaigh an chuideachta an SORP Carthanas (FRS 102) a ghlacadh in 2018. Níl na beartais a cuireadh i bhfeidhm faoi chreat cuntasáíochta an aonáin roimhe seo difriúil go hábhartha le SORP Carthanas (FRS 102) agus ní raibh tionchar acu ar chistí na gcomhaltaí ná ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

21. Páirtí rialaithe deiridh

Tá an chuideachta á rialú ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.